Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

12025/21
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0176(COD)**

**CODEC 1234**
**MIGR 197**
**SOC 524**
**EMPL 381**
**EDUC 303**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón Ostair**

Is díol sásaimh don Ostair gur féidir scéimeanna náisiúnta a choinneáil don imirce cháilithe i gcomhthráth leis an gCárta Gorm mar thoradh ar an gcomhréiteach a baineadh amach. Is ionstraim éifeachtach de dhlí imirce na hOstaire é an cárta 'Dearg-Bán-Dearg' Ostarach lenar féidir imirce cháilithe a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus is féidir é a oiriúnú go solúbtha do riachtanais mhargadh an tsaothair.

Ina theannta sin, is díol sásaimh don Ostair nár leathnaíodh raon feidhme an Chárta Ghoirm chuig iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá ábhar imní fós ann nach ndéantar idirdhealú soiléir sa Chárta Gorm idir imirce daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu agus imirce lucht saothair. Gan idirdhealú den sórt sin, tabharfar teachtaireacht mhíthreorach.

D'fhéadfadh an Ostair tacú le tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a áireamh i raon feidhme an Chárta Ghoirm faoi choinníollacha sonracha, mar a leagtar amach i sainordú na Comhairle an 26 Iúil 2017, chun dreasachtaí do ghluaiseachtaí tánaisteacha a mhaolú.

I ndáil leis na forálacha a bhaineann le stádas cónaithe fadtéarmach a fháil, is díol sásaimh don Ostair gur féidir an stádas cónaithe fadtéarmach a fháil tar éis 5 bliana de chónaí dleathach, mar a leagtar amach sa Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha (2003/109/CE), in ionad 3 bliana mar a fhoráiltear sa togra ón gCoimisiún maidir leis an gCárta Gorm.

Thairis sin, tá ábhar imní fós ann i dtaca leis an spriocdháta nós imeachta giorraithe 30 lá i gcás soghluaisteacht laistigh den Aontas.

Ar deireadh, maidir leis an gcóir chomhionann, tacaíonn an Ostair le foráil shainordú na Comhairle a áireamh lena leagtar síos go bhféadfaidh na Ballstáit srian a chur ar chóir chomhionann náisiúnach tríú tíortha maidir le sochair theaghlaigh i ndáil le baill teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír. Ar an drochuair, ní léirítear an méid sin sa téacs deiridh.

Ina fhianaise sin, staonann an Ostair ón vótáil.

**<u>Ráiteas ón Ungáir</u>**

Ba mhian leis an Ungáir a chur i bhfios go láidir gur mór aici iarrachtaí na hUachtaránachta croíghnéithe an chur chuige ghinearálta a chaomhnú, ach tá gnéithe fós sa togra nach bhfuil i gcomhréir lenár seasamh, go háirithe maidir le margadh an tsaothair a chosaint.

Tá an Ungáir i gcoinne aon srianta ar chur i bhfeidhm na tástála ar mhargadh a théann thar na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair. Táimid i gcoinne íostréimhse bailíochta an Chárta Ghoirm a mhéadú freisin. Ina theannta sin, ba mhian linn béim a leagan ar an seasamh láidir atá againn ar dá réir nach measann an Ungáir gur gá nó gurb iomchuí na rialacha ábhartha i réimse na himirce dleathaí a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus i ndáil leis an méid sin ba mhaith linn ár seasamh maidir leis an imirce dhleathach i gcoitinne a athdhearbhú.

Aithnímid gur toradh é an comhréiteach ar thángthas air ar chaibidlíocht fhadtréimhseach, ach níl an Ungáir in ann glacadh leis an gcomhréiteach deiridh de bharr na gcúiseanna thuasluaite.